Lucsamburg, 09.07.2021

TAG.: CDT-AD8-2021/02

CEANN NA RANNÓIGE SAORÁIDÍ AGUS SLÁNDÁLA (F/B)

GRÁD: AD 8
ROINN: AN ROINN RIARACHÁIN
ÁIT FOSTAÍOCHTA: LUCSAMBURG

Bunaíodh Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh i 1994 chun seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil do chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh. Tá sé lonnaithe i Lucsamburg. Tá méadú suntasach tagtha ar ualach oibre an Ionaid ó bunaíodh é agus tá thart ar 200 ball foirne fostaithe ann anois.

Chun riachtanais na **Roinne Riaracháin** a chomhlíonadh, agus go háirithe an Rannóg 'Saoráidí agus Slándála', tá an tIonad Aistriúcháin ag eagrú nós imeachta roghnúcháin d'fhonn liosta ionadaithe a bhunú ina mbeidh uasmhéid de 10 iarrthóir chun foireann shealadach a earcú faoi Airteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh[1].

CINEÁL NA DTASCANNA

Agus é/í ag tuairisciú go díreach do Cheann na Roinne Riaracháin, beidh an t-iarrthóir a roghnófar freagrach as na tascanna seo a leanas a chomhlíonadh:

1. Bainistíocht ar an Rannóg: an clár oibre agus an tuarascáil gníomhaíochta a dhréachtú don ghrúpa; cuspóirí grúpa a aithint agus a leagan síos laistigh de phlean oibre bliantúil; na socruithe riachtanacha a dhéanamh chun timpeallacht mhaith oibre a chinntiú laistigh den fhoireann ionas go mbeidh sí réidh chun na cuspóirí seirbhíse a bhfuiltear ag súil leo a bhaint amach; obair a eagrú agus a leithdháileadh i measc na foirne atá fostaithe chun tascanna a dhéanamh, ceannaireacht a fheidhmiú chun spreagadh a chothú agus a choinneáil, meantóireacht a sholáthar chun an acmhainn is mó a bhaint amach, riachtanais oiliúna a bhunú agus páirt a ghlacadh i mbreithmheas bhaill na foirne d'fhonn eagraíocht éifeachtach agus fórsa saothair a fhorbairt atá inniúil, sona agus éifeachtach agus tascanna na rannóige á gcomhlíonadh.

2. Bainistíocht ar thionscadail agus phróisis slándála agus lóistíochta: a áirithiú go gcuirtear gníomhaíochtaí slándála agus lóistíochta i bhfeidhm de réir na bprionsabal bunaithe chun tionscadail agus próisis a bhainistiú:

- Bainistíocht ar leanúnachas gnó: comhordú phlean leanúnachais gnó an Ionaid a chinntiú. Comhairle a thabhairt don bhainistíocht maidir le cur i bhfeidhm an phlean leanúnachais.
- Bainistíocht ar Shlándáil: ról 'Oifigeach Slándála' a ghlacadh, taighde margaidh a dhéanamh i réimse na slándála, coinneáil cothrom le dáta le forbairtí teicneolaíochta agus na feabhsuithe riachtanacha a dhéanamh d'fhonn leibhéal a áirithiú atá cothrom ar a laghad le caighdeán an mhargaidh. Comhairle a thabhairt don bhainistíocht sa réimse seo.
- Bainistíocht ar an tsamhail EMAS: anailís a dhéanamh ar riachtanais, geallsealbhóirí a aithint agus páirt a thabhairt dóibh i bhforbairt inbhuanaithe.
- Bainistíocht ar thionscadail inmheánacha: anailís a dhéanamh ar riachtanais, geallsealbhóirí a aithint agus páirt a thabhairt dóibh, sonraíochtaí feidhmiúla a dhréachtú, a áirithiú go gcuirtear

[1] Féadfar an liosta ionadaithe céanna a úsáid chun an fhoireann shealadach a earcú dá dtagraítear in Airteagal 2(b) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

ábhair, soláthairtí agus seirbhísí i bhfeidhm, agus go ndéantar monatóireacht agus comhordú orthu d'fhonn acmhainní éifeachtacha a sholáthar d'fhoireann an Ionaid.

3. Anailís agus comhairle: comhairle agus treoir a thabhairt d'oifig an Stiúrthóra, do chinn ranna agus do chinn rannóg ar bheartas slándála agus lóistíochta.
4. Bainistíocht ar bhuiséid: an buiséad le haghaidh caiteachais slándála agus lóistíochta a thuar, a mheas, a ullmhú agus monatóireacht a dhéanamh air d'fhonn riachtanais an Ionaid sa todhchaí a aithint agus na teorainneacha forghníomhaithe buiséadacha a urramú, de réir phrionsabal na bainistíochta airgeadais fónta.
5. Cumarsáid inmheánach maidir le slándáil agus lóistíocht: faisnéis shoiléir a sholáthar don fhoireann agus don bhainistíocht ar shaincheisteanna lóistíochta agus slándála, go háirithe trí na cruinnithe inlín nó ad hoc, d'fhonn faisnéis ábhartha sa réimse a chur in iúl, chomh maith leis an dul chun cinn a rinneadh agus torthaí na ngníomhaíochtaí a dhéanann an rannóg seo a chur in iúl.
6. Caidreamh idirinstitiúideach: freastal ar chruinnithe nó comhdhálacha chun ionadaíocht a dhéanamh don Ionad i ngníomhaíochtaí idirinstitiúideacha a bhaineann le lóistíocht agus slándáil, agus páirt a ghlacadh i malartuithe faisnéise arb é is aidhm dóibh acmhainní a réasúnú agus modhanna oibre a chomhchuibhiú, chun leas a bhaint as taithí eagraíochtaí nó aonad eile; cuidiú le ceann na roinne maidir le freagairt ar iarratais ad hoc na Cúirte Iniúchóirí, Pharlaimint na hEorpa nó an iniúchóra inmheánaigh.

1. CEANGLAIS GHINEARÁLTA AGUS CÁILÍOCHTAÍ:

Le bheith incháilithe chun páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin seo, ní mór don iarratasóir, ar an **06.08.2021**, an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach, na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

a) CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA:

- Ní mór don iarrthóir a bheith ina náisiúnach de Bhallstát an Aontais Eorpaigh;
- leibhéal oideachais arb ionann é agus ceithre bliana ar a laghad de staidéar ollscoile críochnaithe atá fianaithe le dioplóma a bheith aige/aici[2];

nó

- leibhéal oideachais arb ionann é agus staidéar ollscoile críochnaithe atá fianaithe le dioplóma a bheith aige/aici agus taithí ghairmiúil iomchuí bliana amháin ar a laghad a bheith aige/aici sa chás gur trí bliana ar a laghad í an ghnáth-thréimhse staidéar sin;
- naoi mbliana ar a laghad de thaithí ghairmiúil a bheith aige/aici, a saothraíodh tar éis an dioplóma a bhaint amach lena ndeimhnítear go bhfuil an leibhéal staidéir thuasluaite críochnaithe;
- Scileanna teanga: eolas críochnúil ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile an Aontais Eorpaigh, sa mhéad is gá chun dualgais an phoist a chomhlíonadh.

b) RIACHTANAIS SONRACHA:

- Cúig bliana ar a laghad de thaithí ghairmiúil ábhartha a bheith aige/aici, a saothraíodh in institiúid nó i gcomhlacht den Aontas Eorpach sna réimsí atá ábhartha don phost.
- Bliain amháin ar a laghad de thaithí ghairmiúil a bheith aige/aici i bpost bainistíochta lánaimseartha.

[2] Ní bhreithneofar ach dioplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin.

- Taithí ghairmiúil ar leanúnachas gnó a bhainistiú sa tsamhail EMAS
- Eolas teoiriciúil agus praiticiúil ar chórais fhaireachais agus chosanta foirgneamh.
- Eolas teoiriciúil agus praiticiúil ar na rialacha agus na rialacháin maidir le sláinte agus sábháilteacht, eirgeanamaíocht agus cosc timpistí.
- Eolas teoiriciúil agus praiticiúil ar nósanna imeachta soláthair, nósanna imeachta buiséid agus an rialáil airgeadais.
- Eolas teoiriciúil agus praiticiúil i réimse an bhonneagair fhoirgneamh.
- Eolas teoiriciúil agus praiticiúil i réimse an chriptithe sonraí.
- Eolas an-mhaith ar Fhraincis agus ar Bhéarla (leibhéal B2 ar a laghad[3]).
- Meastar gur buntáiste é eolas ar aon teanga oifigiúil eile AE.

Ní mór d'iarrthóirí imréiteach slándála SECRET UE/EU SECRET a bheith acu, lena dtugtar rochtain ar dhoiciméid rúnaicmithe, nó beidh orthu dul faoin imscrúdú sábháilteachta ábhartha ar earcaíocht.

c) SCILEANNA RIACHTANACHA NEAMHTHEICNIÚLA:

- Cumarsáid: bheith compordach ag idirghníomhú ar gach leibhéal ordlathach agus i dtimpeallacht ilchultúrtha, cumas scríbhneoireachta den scoth, scileanna coincheapúla agus foirmlithe; an cumas cruinnithe a reáchtáil, scileanna idirbheartaíochta.

- Eagrúchán: an cumas breithiúnas a thabhairt ar thábhacht tascanna éagsúla/iarratas éagsúil agus tosaíochtaí a bhunú, smaointeoireacht dhomhanda, an cumas ilghníomhaíochtaí a chomhordú, cur chuige modheolaíoch agus an cumas gníomhú ar do thionscnamh féin, solúbthacht.

- Ceannaireacht: an cumas daoine eile a spreagadh, a chumhachtú agus muinín a chothú iontu, scileanna éisteachta den scoth, an cumas tiomantas gach duine maidir leis an misean agus lena chuspóirí a dhaingniú agus cultúr d'aiseolas leanúnach a chothú, bheith oilte ar tharmligean agus ar mhaoirseacht.

- Bainistíocht: an cumas foireann a spreagadh, í a spreagadh chun spriocanna socraithe a bhaint amach agus acmhainneacht aonair a fhorbairt.

- Freagracht: an-dian agus paiseanta maidir le sármhaitheas, discréid, meas ar rúndacht, infhaighteacht, toilteanas cuspóirí a bhaint amach agus tosaíochtaí réamhshainithe á n-urramú, an cumas freagracht fhoriomlán a ghlacadh as gníomhartha na foirne.

- Inoiriúnaitheacht: aigne oscailte, an cumas oibriú faoi bhrú, toilteanas chun tascanna nua a dhéanamh agus chun forbairt ionat féin.

2. AN NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN:

a) AN CHÉIM RÉAMHROGHNÚCHÁIN:

Beidh an chéim réamhroghnúcháin ina dá chuid:

[3] Leibhéal arna sainiú de réir Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha: Foghlaim, Teagasc, Measúnú (CEFR).

- Beidh an chéad chuid bunaithe ar na "critéir incháilitheachta" thuasluaite (pointe 1(a), rud atá beartaithe chun a dhearbhú cé acu an gcomhlíonann an t-iarratasóir na critéir incháilitheachta éigeantacha go léir agus na ceanglais fhoirmiúla go léir atá leagtha síos sa nós imeachta iarratais, nó nach gcomhlíonann. Déanfar na hiarratasóirí nach gcomhlíonann na critéir incháilitheachta a dhiúltú;
- Cuirfear san áireamh sa dara cuid taithí ghairmiúil agus gnéithe eile a luaitear i bpointe 1.b), 'Riachtanais shonracha'. Déanfar an chuid seo a mharcáil ar scála ó 0 go 20 (pasmharc: 12).

Tabharfaidh an Coiste Roghnóireachta cuireadh don 10 iarratasóirí a n-éiríonn leo sa chéim réamhroghnúcháin agus a ghnóthaíonn na marcanna is airde chun tabhairt faoi thriail scríofa agus chun agallamh a dhéanamh.

b) AN CHÉIM ROGHNÚCHÁIN:

Leanann an chéim roghnúcháin an nós imeachta a ndéantar cur síos air thíos. Cuirfear an chéim seo i gcrích ina dhá cuid:

(i) Triail scríofa (i mBéarla nó i bhFraincis) ina mbeidh:

- ceistneoir ilroghnacha (15 cheist) chun eolas iarratasóirí i réimse an phoist a fógraíodh a mheas.

  An t-am a cheadaítear: 30 nóiméad.

- cás-staidéar chun scileanna scríofa, scileanna anailíseacha agus scileanna iarratasóirí i réimse an phoist a fógraíodh a mheas.

  An t-am a cheadaítear: 1 uair, 30 nóiméad.

Déanfar an triail scríofa a mharcáil as 20, mar seo a leanas: beidh 8 bpointe ar fáil don cheistneoir ilroghnacha agus beidh 12 phointe ar fáil don chás-staidéar (pasmharc iomlán: 12).

Féadfaidh iarratasóirí Fraincis nó Béarla a roghnú don triail scríofa. Tabhair do d'aire le do thoil nach mór d'iarrthóirí a bhfuil Fraincis mar phríomhtheanga acu an scrúdú scríofa a dhéanamh i mBéarla agus dóibh siúd a bhfuil Béarla mar phríomhtheanga acu Fraincis a roghnú.

(ii) Agallamh leis an gCoiste Roghnóireachta chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht an iarratasóra na cúraimí atá sonraithe thuas a chur i gcrích. San agallamh, díreofar freisin ar shaineolas na n-iarratasóirí agus ar na scileanna inmhianaithe atá liostaithe i bpointí 1(b) agus (c).
Féadfar an t-agallamh a dhéanamh an lá a dhéanfar an triail scríofa nó ar na laethanta ina dhiaidh.
Déanfar an t-agallamh go príomha i mBéarla. Féadfar eolas ar theangacha eile a thástáil freisin ar bhonn dhearbhuithe an iarratasóra maidir leis na hinniúlachtaí teanga atá aige/aici.

Fad an agallaimh: thart ar 40 nóiméad.

Déanfar an t-agallamh a mharcáil as 20 (pasmharc: 12).

Déanfar an triail scríofa agus an t-agallamh i Lucsamburg. I gcás force majeure, reáchtálfar na trialacha go cianda.
Gheobhaidh iarratasóirí ar tugadh cuireadh dóibh na trialacha a dhéanamh an fhaisnéis ábhartha go léir in am trátha.

A luaithe is atá an triail scríofa agus an t-agallamh marcáilte, dréachtóidh an Coiste Roghnóireachta liosta ionadaithe a chuimseoidh na hiarratasóirí rathúla in ord aibítre. Is iad na hiarratasóirí rathúla na hiarratasóirí sin a ghnóthaíonn pasmharc comhiomlán sa triail scríofa mar aon le pasmharc san agallamh (féach pointí (i) agus (ii)).

Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire nach ionann cur san áireamh ar liosta ionadaithe agus ráthaíocht earcaíochta.

Maidir leis na hiarratasóirí sin a dtugtar cuireadh dóibh an triail a dhéanamh, ní mór dóibh na doiciméid tacaíochta ábhartha a chomhfhreagraíonn don fhaisnéis a cuireadh ar an bhfoirm iarratais a sholáthar ar lá an agallaimh. Áirítear leis na doiciméid sin cóipeanna de dhioplómaí, teastais agus doiciméid tacaíochta eile ina gcruthaítear a gcáilíochtaí agus a dtaithí ghairmiúil agus ina dtaispeántar go soiléir dátaí tosaigh agus dátaí deiridh, an post agus cineál beacht a gcúraimí, etc. I gcás go ndéantar na trialacha go cianda, féadfaidh iarratasóirí cóip de na doiciméid tacaíochta a iarrtar thuas a sheoladh trí ríomhphost chuig E-Selection@cdt.europa.eu

Mar sin féin, sula bhféadfar conradh a thabhairt i gcrích, beidh ar na hiarratasóirí roghnaithe na bunchóipeanna agus cóipeanna deimhnithe de gach doiciméad ábhartha ina gcruthaítear go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta a chur ar fáil.

Beidh an liosta ionadaithe bailí go ceann 12 mhí ó dháta a bhunaithe, agus féadfar an tréimhse sin a shíneadh faoi rogha Údarás an Ionaid Aistriúcháin atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích.

3. EARCAÍOCHT:

Ag brath ar an staid bhuiséadach, d'fhéadfaí conradh trí bliana (a bhféadfar é a athnuachan) a thairiscint d'iarratasóirí rathúla de réir Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh. Faoi réir leibhéal rúndachta na hoibre a dhéanfar, d'fhéadfadh go gcuirfí ceangal ar an iarratasóir roghnaithe iarratas ar imréiteach slándála a dhéanamh.

Is san fheidhmghrúpa/grád AD8 a dhéanfar an t-iarratasóir rathúil a earcú. Is ionann an buntuarastal míosúil do ghrád AD8 (céim 1) agus EUR 7 122.21[4]. Mar aon leis an mbuntuarastal, d'fhéadfadh go mbeadh baill foirne i dteideal liúntais éagsúla a fháil, mar shampla liúntas teaghlaigh, liúntas easaoránachta (16% den bhuntuarastal), etc.

Lena chois sin, le bheith incháilithe, agus sula gceapfar é/í, ní mór don iarratasóir:

- aon oibleagáidí a fhorchuirtear air/uirthi leis an dlí a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- na riachtanais charachtair le haghaidh na gcúraimí atá i gceist a chomhlíonadh (cearta iomlána mar shaoránach a bheith aige/aici)[5];
- dul faoi scrúdú dochtúra arna eagrú ag an Ionad Aistriúcháin chun ceanglais Airteagal 28(2) de Rialacháin Foirne Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh.

[4] Buntuarastal míosúil bailí ó 01.07.2020. Chomh maith leis an mbuntuarastal míosúil seo, féadfaidh baill foirne sealadacha liúntais éagsúla a fháil ag brath ar a staid phearsanta.

[5] Ní mór d'iarratasóirí deimhniú oifigiúil a chur ar fáil a dhearbhaíonn nach bhfuil taifead coiriúil acu.

4. AN NÓS IMEACHTA IARRATAIS:

Ní mór d'iarratasóirí ar spéis leo sa phost a n-iarratas ar líne a chomhlánú i Systal (https://aa251.referrals.selectminds.com/?lset=en_US) faoin dáta deiridh le haghaidh iarratais a chur isteach.

Ní mór d'iarratasóirí leagan leictreonach de na doiciméid a cheangal lena n-iarratas i Systal lena gcruthaítear go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta. Tabhair faoi deara go ndiúltófar d'iarratas i gcás nach gcuirfear isteach na doiciméid seo.

Sula gcuirfidh siad an fhoirm iarratais isteach, ní mór d'iarratasóirí a sheiceáil go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta uile atá liostaithe san fhógra folúntais, go háirithe maidir le cáilíochtaí agus taithí ghairmiúil ábhartha.

Molaimid go láidir duit gan fanacht go dtí na laethanta deiridh le hiarratas a dhéanamh. Tarlaíonn sé in amanna gur rólódáilte atá an córas sna laethanta roimh an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ann iarratas a dhéanamh faoin dáta deiridh.

COMHDHEISEANNA

Is fostóir comhdheiseanna é an tIonad Aistriúcháin, a ghlacann le hiarratais gan aon idirdhealú atá bunaithe ar aois, cine, tuairim dhaingean pholaitiúil, fhealsúnachta nó chreidimh, inscne nó claonadh gnéasach agus beag beann ar mhíchumas, stádas pósta nó stádas teaghlaigh.

NEAMHSPLEÁCHAS AGUS DEARBHÚ LEASA

Beidh ceanglas ar an sealbhóir poist dearbhú tiomantais a dhéanamh chun feidhmiú go neamhspleách ar mhaithe le leas an phobail agus dearbhú a dhéanamh maidir le haon leasanna a d'fhéadfadh a bheith measta mar dhochrach dá neamhspleáchas.

5. FAISNÉIS GHINEARÁLTA:

ATHBHREITHNIÚ – ACHOMHARC – GEARÁIN

I gcás iarratasóirí a measann go bhfuil forais acu le gearán a dhéanamh faoi chinneadh ar leith, féadfaidh siad, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin, iarraidh ar Chathaoirleach an Choiste Roghnúcháin tuilleadh sonraí a thabhairt dó/di faoin gcinneadh sin, nós imeachta achomhairc a thionscnamh nó gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh (féach Iarscríbhinn 1).

IARRATAIS Ó IARRATASÓIRÍ AR ROCHTAIN AR FHAISNÉIS A BHAINEANN LEO

Tá an ceart sonrach ag iarratasóirí atá páirteach i nós imeachta roghnúcháin rochtain a fháil ar fhaisnéis áirithe a bhaineann leo go díreach agus go leithleach. D'fhéadfaí faisnéis bhreise a bhaineann lena rannpháirtíocht sa nós imeachta roghnúcháin a sholáthar d'iarratasóirí a dhéanann an t-iarratas sin. Ní mór d'iarratasóirí iarratais den chineál sin a sheoladh i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Choiste Roghnóireachta laistigh de mhí amháin ó cuireadh a gcuid torthaí sa nós imeachta roghnúcháin in iúl dóibh. Seolfar an freagra laistigh de mhí amháin. Déileálfar le hiarratais agus aird á tabhairt ar an rúndacht a bhaineann le himeachtaí an Choiste Roghnóireachta faoi na Rialacháin Foirne.

SONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

Cinnteoidh an tIonad Aistriúcháin (mar an comhlacht atá freagrach as an nós imeachta roghnúcháin a eagrú) go ndéantar sonraí pearsanta iarratasóirí a phróiseáil mar atá éilithe le Rialachán (AE) Uimh 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 ar chosaint dhaoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den chineál sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO 2018 L 295, lch. 39). Baineann sé seo go háirithe le rúndacht agus le slándáil na sonraí sin.

Tá sé de cheart ag iarrthóirí dul i muinín an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí am ar bith (edps@edps.europa.eu).

Féach an fógra príobháideachta sonrach.

Iarscríbhinn 1 Iarratas ar athbhreithniú – Nósanna imeachta achomhairc – Gearáin leis an Ombudsman Eorpach

Ós rud é go bhfuil feidhm ag na Rialacháin Foirne maidir le nósanna imeachta roghnúcháin, tabhair faoi deara go bhfuil na himeachtaí uile faoi rún. Má mheasann iarratasóirí, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin seo, go ndearna cinneadh ar leith dochar dá leasanna, féadfaidh siad tabhairt faoin ngníomh seo a leanas:

I. IARRATAIS AR THUILLEADH FAISNÉISE NÓ AR ATHBHREITHNIÚ

Litir ina n-iarrtar tuilleadh faisnéise nó athbhreithniú agus ina leagtar a n-argóint amach a sheoladh chuig:

Cathaoirleach an Choiste Roghnóireachta CDT-AD8-2021/02
An tIonad Aistriúcháin
Bâtiment Technopolis Gasperich
Oifig 3077
12E, rue Guillaume Kroll
L-1882 Lucsamburg

laistigh de 10 lá féilire ón dáta a seoladh an litir ina gcuireadh an cinneadh in iúl dóibh. Seolfaidh an Coiste Roghnóireachta freagra a luaithe is féidir.

II. NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC

Gearán a dhéanamh faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, ag an seoladh seo a leanas:

Faoi bhráid: An tÚdarás atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích CDT-AD8-2021/02
An tIonad Aistriúcháin
Bâtiment Technopolis Gasperich
Oifig 3077
12E, rue Guillaume Kroll
L-1882 Lucsamburg

Na teorainneacha ama chun an dá chineál seo de nós imeachta a thionscnamh (féach na Rialacháin Foirne arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 287 an 29.10.2013, lch. 15 – https://eur-lex.europa.eu/oj/direct-access.html?locale=fr tosaíonn siad ón uair a thugtar fógra don iarratasóir faoin ngníomh a líomhnaítear go ndearna sé dochar dá leasanna.

Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil an chumhacht ag an Údarás atá Cumhachtaithe chun Conarthaí Fostaíochta a Thabhairt i gCrích cinntí an Choiste Roghnóireachta a leasú. Is é tuairim sheasta na Cúirte nach bhfuil an lánrogha leathan atá ag Coistí Roghnóireachta faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt ach amháin sa chás go ndearnadh sárú soiléir ar na rialacha lena rialaítear nósanna imeachta na gCoistí Roghnóireachta.

III. GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

Féadfaidh iarratasóirí gearán a dhéanamh leis an duine seo a leanas:

An tOmbudsman Eorpach
1 avenue du Président-Robert-Schuman – BP 30403
F-67001 Strasbourg Cedex

de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos i gCinneadh 94/262/ECSC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (IO L 113 de 4 Bealtaine 1994, lch. 15).

Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar chuig an Ombudsman ar an tréimhse atá leagtha síos in Airteagail 90(2) agus 91 de na Rialacháin Foirne maidir le gearáin nó achomhairc a chur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tabhair do d'aire freisin le do thoil, faoi Airteagal 2(4) de Chinneadh 94/262/ECSC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman, gur gá na cuir chuige rialacháin cuí chuig na hinstitiúidí agus na comhlachtaí bainteacha a ghabháil roimh aon ghearán chuig an Ombudsman.